# AN CHÚIRT OIBREACHAIS

# THE LABOUR COURT

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

# 2011

# AN CHÚIRT OIBREACHAIS

# THE LABOUR COURT

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2011

**Arna cur faoi bhráid an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta faoi Alt 23(1) den Acht Caidrimh Thionscail, 1946**

# RÁITEAS MISIN NA CÚIRTE OIBREACHAIS

*"Chun teacht ar bhonn chun comhaontú réalaíoch agus* substaintiúil *a bhaint amach trí shocruithe a sholáthar atá tapa, cothrom, neamhfhoirmiúil agus neamhchostasach ar mhaithe le breithniú a dhéanamh agus réiteach a fháil ar dhíospóidí tionsclaíocha".*

## CLÁR ÁBHAR


| CLÁR ÁBHAR | Leathanach |
|---|---|
| Réamhrá an Chathaoirligh | 4 |
| Comhaltaí na Cúirte Oibreachais in 2011 | 7 |
| Ceannlínte 2011 | 8 |
| Forbhreathnú ar 2011 | |
| *Cásanna a tarchuireadh* | 9 |
| *Cásanna a tugadh chun críche* | 12 |
| *Éisteachtaí* | 13 |
| Cásanna Os Comhair na Cúirte in 2011 | |
| *Cásanna Caidrimh Thionscail* | 14 |
| *Cásanna Comhionannais* | 17 |
| *Cásanna um Eagrú Ama Oibre* | 19 |
| *Cásanna um Pá Íosta Náisiúnta* | 21 |
| *Cásanna um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha)* | 22 |
| *Cásanna um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe)* | 24 |
| *Cásanna um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair* | 26 |
| Gníomhaíochtaí Eile | |
| *Comhchoistí Oibreachais* | 27 |
| *Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe* | 28 |
| *Comhchomhairlí Tionsclaíocha* | 29 |
| An Próiseas Leasaithe | 30 |
| Treocht Chúig Bliana na dTarchur Díospóide | 31 |
| An Timpeallacht Chaidrimh Thionscail sa bhliain 2011 | 32 |
| Aguisíní | |
| Aguisín 1 - Líon na dTarchur a Fuarthas sa bhliain 2011 | 34 |
| Aguisín 2 - Cásanna a Tugadh chun críche sa bhliain 2011 | 37 |
| Aguisín 3 - Comhchoistí Oibreachais sa bhliain 2011 | 41 |
| Aguisín 4 - Orduithe Rialúcháin Fostaíochta a rinneadh sa bhliain 2011 | 42 |
| Aguisín 5 - Comhchomhairlí Tionsclaíocha | 43 |
| Aguisín 6 - Feidhmeanna na Cúirte Oibreachais | 44 |
| Aguisín 7 - Struchtúr na Cúirte Oibreachais | 47 |
| Aguisín 8 - Tuilleadh faisnéise | 48 |

# RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH

Ar an iomlán, ba chobhsaí do chaidreamh tionscail le linn 2011. In ainneoin na gcoinníollacha reatha geilleagracha agus an tionchar diúltach a bhíonn acu ar rátaí pá agus ar choinníollacha oibre, b'ann do líon an-bheag díospóidí le linn na bliana. Cailleadh 3,695 lá oibre ar an iomlán mar gheall ar ocht stopadh oibre i rith 2011 – an líon ba lú a cuireadh i dtaifead le cúpla bliain anuas. Tugann seo, mar aon le laghdú beag ar an líon díospóidí carnach a tarchuirtear chuig an gCúirt le fios go bhfuil mórathrú san ionad oibre á bhaint amach trí chomhthoil agus trí chomhaontú idir fostaithe, oibrithe agus trína gceardchumainn.

In 2011, den chéad uair le breis agus deich mbliana anuas, tháinig laghdú ar an líon cásanna a tarchuireadh chuig an gCúirt i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo. Rinneadh 1,254 cás a tharchur chuig an gCúirt ar an iomlán sa bhliain atá faoi chaibidil, i gcomparáid le 1,452 sa bhliain roimhe seo. Bhí an laghdú 13.6% ar tharchur ina chodarsnacht le méadú seasmhach ar ualach oibre na Cúirte ó 2000 i leith, tráth inar cuireadh 779 tarchur i dtaifead.

Is é laghdú gnó, go príomha, an t-údar leis an laghdú ar an líon seo cásanna in dhá shaghas tarchuir. B'ann do laghdú 80% ar an líon iarratas faoi Alt 33(1) den Acht Caidrimh Thionscail, 1946, ina lorgaítear léirmhíniú ar Chomhaontú Fostaíochta Cláraithe. Anuas air sin, b'ann do laghdú 18% ar ghearáin i measc ceardchumann, faoi Alt 32 d'Acht 1946, a thug le fios gur sáraíodh téarmaí Comhaontú Fostaíochta Cláraithe. I mblianta roimhe seo, bhain cásanna faoin dá réimse, go príomha, le fostaíochtaí foirgníochta agus Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe san earnáil sin. Is é an laghdú ar leibhéil ghníomhaíochta agus fostaíochta san earnáil sin faoi deara an laghdaithe ar an gcatagóir seo cásanna, go príomha.

D'eascair líon suntasach de na cásanna caidrimh thionscail lenar dhéileáil an Chúirt i rith na bliana ó fheidhmiú Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí, 2010-2014 (Comhaontú Pháirc an Chrócaigh). Bhain go leor de na cásanna siúd le mórathrú ar chleachtas agus ar eagrú oibre laistigh de na seirbhísí poiblí, lena n-áirítear saincheisteanna lenar bhain athúsáid. Tá an Chúirt tiomanta do théarmaí an chomhaontaithe sin a fheidhmiú san uile chás ábhartha a thagann os a gcomhair agus rinne siad amhlaidh ar bhonn comhsheasmhach le linn 2011. I measc na gcásanna a tarchuireadh i gcomhréir le Comhaontú Pháirc an Chrócaigh, eisíonn an Chúirt moltaí faoi alt 26(1) den Acht Caidrimh Thionscail, 1990. Cé nach gnách go mbíonn moltaí na Cúirte faoin bhforáil sin ina gceanglas, sna cásanna faoi Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh, bíonn na páirtithe tiomanta do ghlacadh le toradh imscrúdú Cúirte.

Amhail a fheicfear i gcorp na tuarascála seo, ba chomhsheasmhach den chéad is mó an líon cásanna a tháinig os comhair na Cúirte faoi na reachtanna cearta éagsúla fostaíochta laistigh dá ndlínse agus i roinnt cásanna tá méadú tagtha air. Mar chomhréir dá riar cásanna, is ionann anois saincheisteanna cearta fostaíochta agus 36% de líon iomlán na dtarchur chuig an gCúirt, agus rinneadh 64% den tarchur faoi na hAchtanna Caidrimh Thionscail éagsúla. Amhail a tugadh le fios i dtuarascálacha roimhe seo, ní chuireann an miondealú seo ar tharchur caidrimh thionscail agus cearta fostaíochta léiriú fíor ar an gcomhréir d'am na Cúirte a chaitear le gach catagóir. Agus aird ar chastacht na fírice agus an dlí a thagann chun solais i bhformhór na gcásanna cearta

fostaíochta a thagann os comhair na Cúirte, is gnách go gcuireann siad i gcuntas ionchur níos mó d'am na Cúirte ná mar a thugann a n-uimhir le fios.

I rith na bliana, lean an Chúirt le dul i mbun tionscnamh a bhí dírithe ar a n-éifeachtúlacht a fheabhsú d'fhonn an caighdeán is airde de sheirbhís chostéifeachtúil a sholáthar d'úsáideoirí Cúirte. Thug an Chúirt faoi uaireanta suite níos faide i gcásanna éisteachta in ionaid lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus is éard a d'eascair as seo laghdú suntasach ar an am feithimh le haghaidh éisteachtaí i dtromlach na gcásanna. I ngach ceann de na mórionaid uirbeacha, féadfaidh an Chúirt anois dáta éisteachta a thairiscint laistigh de 12 sheachtain tar éis go bhfaightear an tarchur. Tá úsáid níos fearr á baint as nósanna imeachta bainistíochta cáis i gcásanna cearta fostaíochta d'fhonn na saincheisteanna a shainaithint agus a chuíchóiriú i gcoimhlint idir na páirtithe roimh an éisteacht. Is éard a d'eascair as seo éisteachtaí níos giorra agus coigiltí ar am agus ar chostas mar gheall air sin. Cuireann dul ar atráth cásanna a liostaítear, go háirithe ar gearrfhógra, isteach ar chlár oibre na Cúirte agus bíonn cur amú acmhainní luachmhara ina thoradh air seo. Mar thoradh air sin, ní bhronnfaidh an Chúirt cur ar athló ar gearrfhógra ach amháin faoi na cúinsí is tromchúisí nó sa chás gur féidir cás eile a thabhairt chun cinn chun an sliotán éisteachta a líonadh a baineadh.

I Lúnasa 2011, d'fhógair an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta mórchlár a díríodh ar leasú sheirbhís bhreithiúnais chearta fostaíochta an Stáit. Nuair a chuirfear i bhfeidhm é, beidh mórthionchar ag cinntí an Aire ar ról agus ar struchtúir na Cúirte. Tá an Chúirt go hiomlán tiomanta do chomhoibriú leis an Aire agus lena oifigigh maidir le rath na leasuithe beartaithe seo a chinntiú.

I rith na bliana, b'ann do dhá athrú i mballraíocht na Cúirte. Chuaigh Noel O'Neill ar scor mar Chomhalta Oibrí in Eanáir 2011, i ndiaidh seirbhís 13 bliana. I Lúnasa 2011, Chuaigh Jack Nash mar Chomhalta Oibrí ar scor, i ndiaidh seirbhís seacht mbliana. Thug Noel agus Jack araon saibhreas taithí chuig an gCúirt ón iomaí bliain a chaith siad i mbun seirbhíse mar Oifigigh Shinsearacha Náisiúnta le UCATT agus SIPTU, faoi seach. Trína dtaithí fhairsing ar chaidreamh tionsclaíoch agus trí bhreithiúnas slán, rinne siad rannpháirtíocht ollmhór le hobair na Cúirte. Ceapadh Jerry Shanahan, Iar-Rúnaí Réigiúnach le Ceardchumann Unite, mar Chomhalta Oibrí in Eanáir 2011. Ceapadh Linda Tanham, iar-Ard-Rúnaí Cúnta le Ceardchumann Mandate, mar Chomhalta Oibrí agus ghlac sí lena hoifig i Lúnasa 2011. Bhí an rath ar an gCúirt seirbhísí cleachtóirí taithíocha a fháil ag a bhfuil céim chomh hard sin. Cuirfidh eolas Jerry agus Linda ar shaincheisteanna fostaíochtbhunaithe agus an taithí fhada atá acu ar réiteach díospóide feabhas ar sheasamh agus ar éifeachtacht na Cúirte sna blianta amach romhainn.

Is mian liom mo bhuíochas leanúnach a chur in iúl do mo chomhghleacaithe agus do mo chomhbhaill Chúirte as ucht a gcruaoibre agus a seirbhísí tiomanta maidir le díscaoileadh rathúil shainchúram reachtúil na Cúirte le linn na bliana. Ar aon dul le gach eagraíocht Seirbhíse Poiblí eile, tá dualgas ar an gCúirt anois tabhairt faoina bhfeidhmeanna le níos lú acmhainní agus le leibhéil laghdaithe um sholáthar foirne. Leag seo breis éileamh ar fhoireann riaracháin na Cúirte a ndeachaigh siad i ngleic leo de réir scoth-thraidisiúin na seirbhíse poiblí. Mar gheall air sin, táim an-bhuíoch.

Mar fhocal scoir, is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl don tacaíocht thréan a fuaireamar ón Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus ón Ard-Rúnaí agus na hOifigigh dá Roinn ar bhonn leanúnach. Ina theannta sin, is mian liom a aithint le buíochas, in ainneoin na mbrúnna leanúnacha buiséadach, gur lean an tAire agus a Oifigigh lena chinntiú gur soláthraíodh don Chúirt na hacmhainní leordhóthanach chun a bhfeidhmeanna reachtúla a dhíscaoileadh.

Kevin Duffy

Cathaoirleach

Samhain 2012

## COMHALTAÍ NA CÚIRTE OIBREACHAIS IN 2011

| | |
|---|---|
| **Cathaoirleach** | *Kevin Duffy* |
| **Leas-Chathaoirleach** | *Caroline Jenkinson*<br>*Brendan Hayes* |
| **Comhaltaí Fostóra** | *Peter Murphy*<br>*Sylvia Doyle*<br>*Mary Cryan* |
| **Comhaltaí Oibrí** | *Pádraigín Ní Mhurchú*<br>*Noel O'Neill (a fhad le hEanáir 2011)*<br>*Jack Nash (a fhad le Lúnasa 2011)*<br>*Jerry Shanahan (ó Eanáir 2011)*<br>*Linda Tanham (ó Lúnasa 2011)* |
| **Cláraitheoir** | *Hugh O'Neill* |

# CEANNLÍNTE 2011

In 2011:

- fuair an Chúirt Oibreachais 1,254 tarchur
- bhí 1,043 éisteacht ar bun ag an gCúirt Oibreachais
- d'eisigh an Chúirt Oibreachais 774 Moladh/Cinntiúchan/Cinneadh/Ordú
- d'imscrúdaigh an Chúirt Oibreachais 245 cás a réitíodh roimh éisteacht nó ag éisteacht

agus

- rinne an Chúirt Oibreachais Ordú Rialúcháin Fostaíochta amháin
- rinne an Chúirt Oibreachais Comhaontú Fostaíochta Cláraithe amháin a éagsúlú
- chláraigh an Chúirt Oibreachais 3 Chomhaontuithe Fostaíochta
- chláraigh an Chúirt Oibreachais 2 Chomhchomhairle Thionsclaíocha

**Obair na Cúirte Oibreachais in 2011 i gcomparáid le 2010**

| **Catagóir** | **Líon in 2011** | **Líon in 2010** |
|---|---|---|
| | | |
| Tarchur a fuarthas | 1,254 | 1,452 |
| Éisteachtaí | 1,043 | 1,139 |
| Moltaí etc. a eisíodh | 774 | 831 |
| Cásanna a réitíodh roimh Éisteacht/ag Éisteacht | 245 | 255 |
| Socruithe Comhchoiteanna a faomhadh: | | |
| *An tAcht um Eagrú Ama Oibre* | 0 | 1 |
| *(Obair Pháirtaimseartha)* | 0 | 0 |
| Orduithe Rialúcháin Fostaíochta a rinneadh | 1 | 3 |
| Comhchomhairlí Tionsclaíocha a cláraíodh | 2 | 0 |
| Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe: | | |
| *Clárúcháin* | 3 | 3 |
| *Éagsúlachtaí* | 1 | 33 |

# FORBHREATHNÚ AR 2011

## *CÁSANNA A TARCHUIREADH CHUIG AN GCÚIRT IN 2011*

***Líon na dTarchur***

| | 2011 | 2010 | Difríocht |
|---|---|---|---|
| Iomlán | 1,254 | 1,452 | -198 (13.6%) |
| Caidreamh Tionscail | 805 | 993 | -188 (19%) |
| Cearta Fostaíochta | 449 | 459 | -10 (2%) |

Ar an iomlán, b'ann do laghdú 13.6% ar tharchur chuig an gCúirt Oibreachais in 2011, i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo (anuas ó 1,452 go dtí 1,254) agus bhí athrú níos suntasaí le sonrú i roinnt fochatagóirí tarchuir.

B'ionann an tarchur faoi na hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1946-2004 agus 64% den tarchur iomlán. Léirigh an aicme tharchuir seo laghdú foriomlán 188 nó 19% i gcomparáid le 2010 (805 tarchur i gcomparáid le 993). Bhain an t-athrú ba shuntasaí le tarchur faoi Alt 33(1) den Acht Caidrimh Thionscail, 1946, a fhorálann go ndéantar iarratais ar an gCúirt a lorgaíonn léirmhíniú Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe. B'ionann líon iomlán na dtarchur faoin gcatagóir agus 22 in 2011 i gcomparáid le 107 in 2010 - laghdú 80%.

Laistigh de limistéar na reachtaíochta Cearta Fostaíochta, b'ionann tarchur agus 36% de na cásanna a tháinig faoi bhráid na Cúirte le linn na bliana, ach mar gheall ar na saincheisteanna casta dlí lena mbaineann go leor de na cásanna seo, tá iontu comhréir níos mó de riar cásanna na Cúirte. Cé go raibh an líon iomlán de tharchur faoi reachtaíocht Chearta Fostaíochta nach mór cosúil le 2010 (449 in 2011 i gcomparáid le 459 sa bhliain roimhe seo) bhí athrú níos suntasaí le sonrú i roinnt fochatagóirí. Thit na méaduithe ba shuntasaí ar tharchur amach i gcásanna Obair Théarma Shocraithe a mhéadaigh aníos go dtí 68 i gcomparáid 45 sa bhliain roimhe sin - méadú 51% - agus tháinig méadú ar chásanna Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa ag an Obair go dtí 25 cás i gcomparáid le 16 sa bhliain roimhe seo – ar méadú 56% é seo. B'ionann líon na n-achomharc i leith chinntí an Bhinse Comhionannais agus 67 i gcomparáid le 88 sa bhliain roimhe sin – ar laghdú 24% é seo – agus b'ionann líon na dtarchur faoin reachtaíocht um Eagrú Ama Oibre agus 249 i gcomparáid le 279 sa bhliain roimhe sin – ar laghdú 10% é seo.

## *Próifíl na dTarchur – de réir Catagóire*

| Catagóir | 2011 | 2010 | Athrú |
|---|---|---|---|
| | | | |
| Caidreamh Tionscail | 805 | 993 | -188 |
| Cearta Fostaíochta: | 449 | 459 | |
| Comhionannas | 67 | 88 | -21 |
| Eagrú Ama Oibre | 249 | 279 | -30 |
| Pá Íosta Náisiúnta | 24 | 21 | +3 |
| Obair Pháirtaimseartha | 13 | 10 | +3 |
| Obair Théarma Shocraithe | 68 | 45 | +23 |
| Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair | 25 | 16 | +9 |
| Faisnéis agus Comhairliúchán Fostaithe | 1 | 0 | +1 |
| An tAcht Sláinte | 2 | 0 | +2 |
| **Iomlán** | 1,254 | 1,452 | -198 |

## *Catagóirí Tarchuir – mar Chomhréir den Tarchur Iomlán*

| Catagóir | 2011 | | 2010 | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| Caidreamh Tionscail | | 64% | | 68% |
| Cearta Fostaíochta: | | 36% | | 32% |
| Comhionannas | 5.3% | | 6% | |
| Eagrú Ama Oibre | 20% | | 19.2% | |
| Pá Íosta Náisiúnta | 1.91% | | 1.4% | |
| Obair Pháirtaimseartha | 1.03% | | 0.6% | |
| Obair Théarma Shocraithe | 5.4% | | 3% | |
| Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair | 1.99% | | 1.1% | |
| Faisnéis agus Comhairliúchán | 0.02% | | 0 | |
| An tAcht Sláinte | 0.15% | | 0 | |

## *Próifíl na dTarchur – de réir Foinse*

| Foinse | | 2011 | | 2010 |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| Cásanna lenar bhain an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais roimhe seo - **as a raibh** | | 729 | | 787 |
| Tarchur ó sheirbhísí idir-réitigh[1] | 199 | | 229 | |
| Tarchur ó sheirbhísí comhairleoireachta[2] | 2 | | 3 | |
| Achomharc i leith Mholadh/Chinneadh an Choimisinéara um Chearta | 528 | | 555 | |
| Achomharc i leith chinneadh Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais | | 67 | | 88 |
| Tarchur díreach[3] | | 135 | | 135 |
| Eile[4] | | 323 | | 442 |
| **IOMLÁN** | | 1,254 | | 1,452 |

1 Áirítear leis seo líon cásanna inar fhill na páirtithe ar an gCúirt i ndiaidh Moladh a eisiúint ag an gCúirt. Anuas air sin, áirítear leis tarchur faoi Alt 26 den Acht Caidrimh Thionscail, 1990 agus tarchur faoi Alt 20(2) den Acht Caidrimh Thionscail, 1969.

2 Cásanna nach raibh nósanna imeachta idirghabhála i bhfeidhm.

3 Áirítear leo seo tarchur faoi Alt 20 den Acht Caidrimh Thionscail, 1969 sa chás go gcomhaontaíonn an gearánaí nó an bheirt pháirtithe roimhe ré chun glacadh le Moladh na Cúirte; tarchur a dhéantar go díreach chuig an gCúirt faoi Alt 26(5) den Acht Caidrimh Thionscail, 1990; tar faoi Alt 2(1) den Caidrimh Thionscail, 2001 (arna leasú) sa chás nach bhfuil nósanna imeachta idirghabhála i bhfeidhm.

4 Áirítear le "Eile" gearáin ag fostaithe nó ag ceardchumainn faoi shárú Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe (CFCanna) dá dtagraítear faoi Alt 32 den Caidrimh Thionscail, 1946 nó faoi Alt 10 den Caidrimh Thionscail, 1969; iarratais ar chinntiúcháin faoi Alt 6Caidrimh Thionscail, 2001; cásanna lena mbaineann léirmhíniú CFCanna; agus tarchur faoi fhorálacha éagsúla cearta fostaíochta.

**Leagtar amach sonraí faoi tharchur faoi achtuithe éagsúla in Aguisín 1.**

## *CÁSANNA A TUGADH CHUN CRÍCHE AG AN GCÚIRT SA BHLIAIN 2011*

### *LÍON NA GCÁSANNA A TUGADH CHUN CRÍCHE*

| 2011 | 2010 | Difríocht |
|---|---|---|
| 1,019 | 1,086 | -67(-7%) |

### *PRÓIFÍL NA GCÁSANNA A TUGADH CHUN CRÍCHE – DE RÉIR CATAGÓIR*

| CATAGÓIR | LÍON 2011 | LÍON 2010 | ATHRÚ |
|---|---|---|---|
| Caidreamh Tionscail | 688 | 769 | -81 |
| Comhionannas | 52 | 41 | +11 |
| Eagrú Ama Oibre | 207 | 225 | -18 |
| Pá Íosta Náisiúnta | 20 | 16 | +4 |
| Obair Pháirtaimseartha | 5 | 4 | +1 |
| Obair Théarma Shocraithe | 31 | 21 | +10 |
| Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair | 14 | 7 | +7 |
| Faisnéis agus Comhairliúchán Fostaithe | 1 | 1 | 0 |
| An tAcht Sláinte | 1 | 2 | -1 |
| **IOMLÁN** | 1,019 | 1,086 | -67 |

**Áirítear sonraí faoi na cásanna a thug an Chúirt chun críche faoi achtuithe éagsúla in Aguisín 2.**

## *ÉISTEACHTAÍ IN 2011*

### *Líon na nÉisteachtaí*

Bhí 1,043 éisteacht ar bun ag an gCúirt ar an iomlán in 2011, i gcomparáid le 1,139 in 2010. Ar mhaithe leis na héisteachtaí seo, d'eagraigh an Chúirt suíonna ag 17 láthair ar an iomlán.

### *Foinsí na gCásanna ar Éisteadh leo in 2011*

Léiríonn an méid a leanas foinsí na gcásanna ar éist an Chúirt leo in 2011, bunaithe ar sheoladh an fhostóra:

| **Contae** | **Líon na gCásanna in 2011** |
|---|---|
| | |
| **An Iarmhí** | 10 |
| **An Cabhán** | 2 |
| **Corcaigh** | 48 |
| **Dún na nGall** | 14 |
| **Baile Átha Cliath** | 769 |
| **Gaillimh** | 24 |
| **Cill Chainnigh** | 27 |
| **Luimneach** | 39 |
| **Muineachán** | 3 |
| **Laois** | 9 |
| **Ros Comáin** | 9 |
| **Sligeach** | 12 |
| **Tiobraid Árann** | 14 |
| **Ciarraí** | 6 |
| **Port Láirge** | 19 |
| **Maigh Eo** | 28 |
| **Loch Garman** | 10 |
| | |
| **Iomlán** | 1,043 |

# CÁSANNA CAIDRIMH THIONSCAIL IN 2011

## *CÁSANNA CAIDRIMH THIONSCAIL A TARCHUIREADH CHUIG AN GCÚIRT*

***Líon na dTarchur Caidrimh Thionscail a Fuarthas***

| 2011 | 2010 | Difríocht |
|---|---|---|
| 805 | 993 | -188(-19%) |

Tháinig laghdú 19% anuas go dtí 805 ar líon na dtarchur faoi na hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1946-2004.

Cé gur bheag athrú a tháinig ar fhormhór na gcatagóirí, bhí an t-athrú ba shuntasaí le sonrú maidir le tarchur faoi Alt 33(1) den Acht Caidrimh Thionscail, 1946. B'ionann líon iomlán na dtarchur faoin gcatagóir agus 22 in 2011 i gcomparáid le 107 in 2010 - laghdú 80%. Tháinig laghdú ar líon iomlán na dtarchur siúd anuas ó 113 in 2010 go dtí 24 in 2011, nuair a áirítear iarratais ar an gCúirt chun ORFanna/scóip JLCanna.

Tháinig laghdú 20% anuas go dtí 146 ar tharchur faoi Alt 13(9) den Acht Caidrimh Thionscail, 1969. Tháinig laghdú 16% anuas go dtí 193 ar tharchur faoi Alt 26(1) den Acht Caidrimh Thionscail, 1990. Tháinig laghdú 18% anuas go dtí 163 ar ghearáin faoi Alt 32 a rinneadh Ceardchumainn maidir le sárú REAanna faoi Alt 32 den Acht Caidrimh Thionscail, 1946, ach mar mhalairt air sin, tháinig méadú thart ar 5% ar ghearáin chomhchosúla a rinne fostóirí faoi Alt 10 den Acht Caidrimh Thionscail, 1969.

B'ionann cásanna caidrimh thionscail inar bhain na páirtithe leas cheana féin as seirbhísí éagsúla an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais, agus 42% de líon na dtarchur iomlán caidrimh thionscail a fuair an Chúirt. Tarchuireadh an 58% eile de tharchur caidrimh thionscail go díreach chuig an gCúirt.

**Áirítear sonraí faoi na cásanna a tharchuir an Chúirt faoi achtuithe éagsúla in Aguisín 1.**

***Próifíl na gCásanna Caidrimh Thionscail a Fuarthas***

| **Foinse** | **Líon na dTarchur** | | |
|---|---|---|---|
| | **2011** | **2010** | **Difríocht** |
| Tarchur ó CCT (idir-réiteach)* | 193 | 229 | -36 (16%) |
| Achomharc i leith Mholtaí Coimisinéirí um Chearta | 146 | 184 | -38 (20%) |
| Gearán ag comhlacht fostóra i leith sárú CFC | 136 | 129 | +7 (5%) |
| Gearán ag ceardchumann i leith sárú CFC | 163 | 199 | -36 (18%) |
| Tarchur díreach – réamhghlacadh Molta | 139 | 130 | +9 (7%) |
| Tarchur díreach nach bhfuil aon nósanna imeachta i bhfeidhm | 4 | 7 | -3 (43%) |
| Léirmhíniú Comhaontú Fostaíochta Cláraithe/Scóip an Chomhchiste Oibreachais nó Ordú Rialúcháin Fostaíochta | 24 | 113 | -89 (79%) |

*Áirítear leis seo líon cásanna inar fhill na páirtithe ar an gCúirt i ndiaidh Moladh a eisiúint.

## *CÁSANNA CAIDRIMH THIONSCAIL A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE*

***Líon na gCásanna Caidrimh Thionscail a Tugadh chun Críche***

| **2011** | **2010** | **Difríocht** |
|---|---|---|
| 688 | 769 | -81 (-11%) |

## *ACHOMHAIRC I GCÁSANNA CAIDRIMH THIONSCAIL*

Féadtar moltaí Coimisinéirí um Chearta i gcásanna caidrimh thionscail a achomharc leis an gCúirt Oibreachais ag ceachtar páirtí i ndíospóid. D'eisigh an Chúirt cinntí i 99 achomharc i leith na moltaí sin in 2011; réitíodh 9 gcás sa bhreis roimh éisteacht na Cúirte Oibreachais nó ag éisteacht na Cúirte Oibreachais.

### *Foinsí Achomharc Caidrimh Thionscail*

| **Achomharc ag** | **Líon na gCásanna** | |
|---|---|---|
| | **2011** | **2010** |
| **Oibrí** | 70 (71%) | 66 (60%) |
| **Fostóir** | 28 (28%) | 42 (38%) |
| **An dá thaobh** | 1 (1%) | 2 (2%) |
| **Iomlán** | 99 | 110 |

### *Toradh na nAchomharc Caidrimh Thionscail*

| **Toradh an Achomhairc** | **Líon na gCásanna** | |
|---|---|---|
| | **2011** | **2010** |
| **Seasadh le moladh an Choimisinéara um Chearta** | 60 (61%) | 59 (54%) |
| **Rinneadh moladh an Choimisinéara um Chearta a éagsúlú/a leasú** | 26 (26%) | 32 (29%) |
| **Cuireadh moladh an Choimisinéara um Chearta ar ceal** | 13 (13%) | 19 (17%) |
| **Eile** | 0 | 0 |
| **Iomlán** | 99 | 110 |

# CÁSANNA COMHIONANNAIS IN 2011

## *CÁSANNA COMHIONANNAIS A TARCHUIREADH CHUIG AN GCÚIRT*

### *Líon na dTarchur Comhionannais*

| Catagóir | 2011 | 2010 | Difríocht |
|---|---|---|---|
| Achomharc i leith chinneadh Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais | 64 | 80 | -16 |
| Achomharc i leith chinneadh Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais i dtaca le teorainn ama | 2 | 8 | -6 |
| Achomharc faoin Acht Pinsean | 1 | 0 | +1 |
| **Iomlán** | **67** | **88** | **-21** |

Is comhsheasmhach don laghdú a tháinig ar tharchur chuig an gCúirt in 2011 faoin reachtaíocht comhionannais le treocht fhoriomlán anuas (ina bhfuil beagán éagsúlachtaí) sa limistéar seo ó 2002 i leith. In ainneoin méaduithe in 2009 agus in 2010, tá laghdú tagtha ar an líon tarchur comhionannais go dtí an leibhéal a shonraítear i láthair na huaire (67 anuas ó 102 ar an iomlán in 2002).

### *Forais Idirdhealaitheacha a Luaitear in Achomhairc Chomhionannais a Tharchuirtear*

Sna 58 achomharc faoi Alt 83 de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2007, luadh seacht gcinn de na forais idirdhealaitheacha a ndearnadh foráil dóibh faoin reachtaíocht. Luadh breis agus foras amháin i roinnt cásanna.

| ***Líon na gcásanna inar luadh gach foras*** | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Inscne** | **Cineál** | **Stádas Teaghlaigh** | **Aois** | **Míchumas** | **Claonadh gnéasach** | **Stádas Pósta** | **Reiligiún** | **Ballraíocht den Lucht Siúil** |
| 11 | 33 | 7 | 9 | 12 | neamhní | 4 | 1 | neamhní |

### *Líon na bhforas a luadh in aghaidh an achomhairc a tarchuireadh chuig an gCúirt*

| | |
|---|---|
| Luadh foras singil | 44 achomharc |
| Luadh dhá foras | 9 n-achomharc |
| Luadh trí fhoras nó níos mó | 5 achomharc |

## *CÁSANNA COMHIONANNAIS A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE*

### *Líon na gCásanna Comhionannais a Tugadh Chun Críche*

| **Saghas/foinse** | **2011** | **2010** | **Difríocht** |
|---|---|---|---|
| Achomhairc | 52 | 41 | +11 (27%) |

### *Foinse agus Toradh na gCásanna Achomhairc*

Amach as na 52 cás achomharc comhionannais a thug an Chúirt chun críche in 2011, réitíodh 17 díobh ag éisteacht nó i ndiaidh éisteachta, agus níor eisigh an Chúirt Cinntiúchán, ar an ábhar sin, sna cásanna siúd. Léiríonn an méid a leanas foinse agus toradh na n-achomharc sna 35 cás inar eisigh an Chúirt Cinntiúchán:

***Foinse na nAchomharc***

| **Achomharc ag** | **Líon** | **cásanna** |
|---|---|---|
| | **2011** | **2010** |
| Oibrí | 28 | 25 |
| Fostóir | 7 | 3 |
| An dá thaobh | neamhní | 2 |
| **Iomlán** | 35 | 30 |

***Toradh na nAchomharc***

| | **2011** | **2010** |
|---|---|---|
| Deimhníodh Cinneadh Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais | 23 | 20 |
| Cuireadh Cinneadh an Stiúrthóra ar ceal | 8 | 2 |
| Rinneadh Cinneadh an Stiúrthóra a éagsúlú | 3 | 5 |
| Eile | 1 | 3 |
| | | |
| **Iomlán** | 35 | 30 |

**Féadtar téacs gach ceann de na cinntiúcháin seo a léamh ar láithreán gréasáin na Cúirte, www.labourcourt.ie. Ina theannta sin, beidh fáil ar achoimre ar Chinntiúcháin ar an láithreán gréasáin chomh maith.**

# CÁSANNA UM EAGRÚ AMA OIBRE IN 2011

## *FEIDHMEANNA NA CÚIRTE*

Is iad feidhmeanna na Cúirte Oibreachais faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997:

- comhaontuithe comhchoiteanna faoin Acht a cheadú agus a chlárú
- achomhairc i gcoinne cinntí ag Coimisinéirí um Chearta faoin Act a chinntiú
- gearáin a chinntiú nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta faoin Act

## *COMHAONTUITHE COMHCHOITEANNA*

### *Achomhairc in 2011*

Níorbh aon iarratais ann le haghaidh comhaontú comhchoiteann a fuarthas le linn 2011.

## *CÁSANNA AMA OIBRE A TARCHUIREADH CHUIG AN GCÚIRT*

### *Líon agus Catagóirí na dTarchur*

| **Catagóir** | **Líon na dTarchur** | | |
|---|---|---|---|
| | **2011** | **2010** | **Difríocht** |
| Achomhairc i gcoinne cinntí ag Coimisinéirí um Chearta | 119 | 139 | -20 (-14%) |
| Gearáin nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 130 | 140 | -10 (-7%) |
| **Iomlán** | 249 | 279 | -30 (-11%) |

## *CÁSANNA UM AM OIBRE A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE*

***Líon na gCásanna a Tugadh chun Críche – de réir Catagóire***

| Catagóir | 2011 | 2010 | Difríocht |
|---|---|---|---|
| Achomhairc i gcoinne cinntí ag Coimisinéirí um Chearta | 76 | 91 | -15 (16%) |
| Gearáin nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 131 | 134 | -3 (2%) |
| **Iomlán** | 207 | 225 | -18 (8%) |

***Achomhairc a Tugadh chun Críche – Foinse agus Toradh***

Amach as na 76 cás achomharc comhionannais, réitíodh fiche díobh ag éisteacht nó i ndiaidh éisteachta agus níor eisigh an Chúirt Cinntiúchán, ar an ábhar sin, sna cásanna siúd. Baineann an fhaisnéis thíos leis na 56 cás inar eisigh an Chúirt Cinntiúchán.

***Foinse na nAchomharc***

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| Achomharc ag Fostóir | 33 (59%) | 42 (56%) |
| Achomharc ag Oibreoir(í) | 23 (41%) | 31 (41%) |
| Achomharc ag an mBeirt | 0 | 2 (3%) |
| **Iomlán** | 56 | 75 |

***Toradh na nAchomharc***

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| Seasadh le cinneadh an Choimisinéara um Chearta | 26 (46%) | 34 (46%) |
| Rinneadh cinneadh an Choimisinéara um Chearta a éagsúlú/a leasú | 20 (36%) | 22 (29%) |
| Cuireadh cinneadh an Choimisinéara um Chearta ar ceal | 10 (18%) | 19 (25%) |
| **Iomlán** | 56 | 75 |

**Féadtar téacs gach ceann de na cinntiúcháin seo a léamh ar láithreán gréasáin na Cúirte, www.labourcourt.ie. Ina theannta sin, beidh fáil ar achoimre ar Chinntiúcháin ar an láithreán gréasáin chomh maith.**

# CÁSANNA UM PÁ ÍOSTA NÁISIÚNTA IN 2011

## *FEIDHMEANNA NA CÚIRTE*

Is iad feidhmeanna na Cúirte Oibreachais faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 2000:

- achomhairc i gcoinne cinntí ag Coimisinéirí um Chearta faoin Act a chinntiú
- gearáin a chinntiú nár comhlíonadh/nár comhlíonadh go hiomlán cinntí na gCoimisinéirí um Chearta faoin Act
- teacht ar chinneadh ar iarratais i gcomhair díolúine (shealadach) ón dualgas teidlíochtaí a íoc le fostaithe faoin Acht.

## *TARCHUR UM PÁ ÍOSTA NÁISIÚNTA A FUARTHAS*

***Líon agus Catagóirí na gCásanna a Tarchuireadh***

| **Catagóir** | **Líon na dTarchur** | | |
|---|---|---|---|
| | **2011** | **2010** | **Difríocht** |
| Achomhairc i gcoinne cinntí ag Coimisinéirí um Chearta | 13 | 16 | -3 |
| Gearáin nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 11 | 5 | +6 |
| Iarratais ar dhíolúine ó fhorálacha an Achta | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | 24 | 21 | +3 |

## *CÁSANNA UM PÁ ÍOSTA NÁISIÚNTA A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE*

***Líon na gCásanna a Tugadh Chun Críche de réir Catagóire***

| **Catagóir** | **2011** | **2010** | **Difríocht** |
|---|---|---|---|
| Achomhairc i gcoinne cinntí ag Coimisinéirí um Chearta | 8 | 12 | -4 |
| Gearáin nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 12 | 4 | +8 |
| **Iomlán** | 20 | 16 | +4 |

**Féadtar téacs gach ceann de na cinntiúcháin seo a léamh ar láithreán gréasáin na Cúirte, www.labourcourt.ie. Ina theannta sin, beidh fáil ar achoimre ar Chinntiúcháin ar an láithreán gréasáin chomh maith.**

# CÁSANNA UM CHOSAINT FOSTAITHE (OBAIR PHÁIRTAIMSEARTHA) IN 2011

## *FEIDHMEANNA NA CÚIRTE*

Is iad feidhmeanna na Cúirte Oibreachais faoin Acht um Eagrú Ama Oibre (Obair Pháirtaimseartha), 2001:

- comhaontuithe comhchoiteanna a cheadú faoin Acht maidir le breachfhostaithe páirtaimseartha
- achomhairc i gcoinne cinntí ag Coimisinéirí um Chearta faoin Act a chinntiú
- gearáin a chinntiú nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta faoin Act

## *COMHAONTUITHE COMHCHOITEANNA*

Ní bhfuair an Chúirt Oibreachais aon iarratais ar cheadú comhaontaithe chomhchoitinn le linn 2011.

## *CÁSANNA OIBRE PÁIRTAIMSEARTHA A TARCHUIREADH CHUIG AN GCÚIRT IN 2011*

***Líon agus Catagóirí na dTarchur***

| **Catagóir** | **Líon na dTarchur** | | |
|---|---|---|---|
| | **2011** | **2010** | **Difríocht** |
| Achomhairc i gcoinne cinntí ag Coimisinéirí um Chearta | 13 | 10 | +3 |
| Gearáin nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | 13 | 10 | +3 |

## *CÁSANNA OIBRE PÁIRTAIMSEARTHA A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE IN 2011*

***Líon na gCásanna a Tugadh Chun Críche de réir Catagóire***

| Catagóir | 2011 | 2010 | Difríocht |
|---|---|---|---|
| Achomhairc i gcoinne cinntí ag Coimisinéirí um Chearta | 5 | 4 | +1 |
| Gearáin nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | 5 | 4 | +1 |

**Féadtar téacs gach ceann de na cinntiúcháin seo a léamh ar láithreán gréasáin na Cúirte, www.labourcourt.ie. Ina theannta sin, beidh fáil ar achoimre ar Chinntiúcháin ar an láithreán gréasáin chomh maith.**

# CÁSANNA UM CHOSAINT FOSTAITHE (OBAIR THÉARMA SHOCRAITHE) IN 2011

## *FEIDHMEANNA NA CÚIRTE*

Is iad feidhmeanna na Cúirte Oibreachais faoin Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Shoscraithe), 2003:

- achomhairc i gcoinne cinntí ag Coimisinéirí um Chearta faoin Act a chinntiú
- gearáin a chinntiú nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta faoin Act

## *CÁSANNA OIBRE TÉARMA SHOCRAITHE A TARCHUIREADH CHUIG AN GCÚIRT IN 2011*

***Líon agus Catagóirí na dTarchur***

| **Catagóir** | **Líon na dTarchur** | | |
|---|---|---|---|
| | **2011** | **2010** | **Difríocht** |
| Achomhairc i gcoinne cinntí ag Coimisinéirí um Chearta | 51 | 42 | +9 |
| Gearáin nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 17 | 3 | +14 |
| **Iomlán** | 68 | 45 | +23 |

## *CÁSANNA OIBRE TÉARMA SHOCRAITHE A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE IN 2011*

### *Líon na gCásanna a Tugadh Chun Críche de réir Catagóire*

| Catagóir | 2011 | 2010 | Difríocht |
|---|---|---|---|
| Achomhairc i gcoinne cinntí ag Coimisinéirí um Chearta | 17 | 19 | -2 |
| Gearáin nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 14 | 2 | +12 |
| **Iomlán** | 31 | 21 | +10 |

### *Achomhairc a Tugadh chun Críche – Foinse agus Toradh*

Amach as na 17 n-achomharc a thug an Chúirt chun críche, réitíodh trí díobh ag éisteacht nó roimh éisteacht agus níor eisigh an Chúirt Cinntiúchán, ar an ábhar sin, sna trí chás siúd. Baineann an fhaisnéis thíos leis na 14 cás inar eisigh an Chúirt Cinntiúchán.

| **Foinse an Achomhairc** | **Líon na gCásanna** | **Líon na gCásanna** |
|---|---|---|
| | **2011** | **2010** |
| Achomharc ag Fostóir | 5 (36%) | 10 (53%) |
| Achomharc ag Oibreoir(í) | 9 (64%) | 7 (37%) |
| Achomharc ag an mBeirt | 0 | 2 (10%) |
| **Iomlán** | 14 | 19 |

| **Toradh an Achomhairc** | **Líon na gCásanna** | **Líon na gCásanna** |
|---|---|---|
| | **2011** | **2010** |
| Seasadh le cinneadh an Choimisinéara um Chearta | 6 | 9 |
| Rinneadh cinneadh an Choimisinéara um Chearta a éagsúlú/a leasú | 6 | 8 |
| Cuireadh ar leataobh cinneadh an Choimisinéara um Chearta | 2 | 2 |
| **Iomlán** | 14 | 19 |

**Féadtar téacs gach ceann de na cásanna inar eisigh an Chúirt Cinntiúcháin a léamh ar láithreán gréasáin na Cúirte, www.labourcourt.ie. Ina theannta sin, beidh fáil ar achoimre ar Chinntiúcháin ar an láithreán gréasáin chomh maith.**

# CÁSANNA UM SHÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR IN 2011

## *FEIDHMEANNA NA CÚIRTE*

Is iad feidhmeanna na Cúirte Oibreachais faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005:

- achomhairc i gcoinne cinntí ag Coimisinéirí um Chearta faoin Act a chinntiú
- gearáin a chinntiú nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta faoin Act

## *CÁSANNA UM SHÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR A TARCHUIREADH CHUIG AN GCÚIRT IN 2011*

***Líon agus Catagóirí na dTarchur***

| **Catagóir** | **Líon na dTarchur** | | |
|---|---|---|---|
| | **2011** | **2010** | **Difríocht** |
| Achomhairc i gcoinne cinntí ag Coimisinéirí um Chearta | 25 | 16 | +9 |
| Gearáin nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | 25 | 16 | +9 |

## *CÁSANNA UM SHÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE IN 2011*

***Líon na gCásanna a Tugadh Chun Críche de réir Catagóire***

| **Catagóir** | **2011** | **2010** | **Difríocht** |
|---|---|---|---|
| Achomhairc i gcoinne cinntí ag Coimisinéirí um Chearta | 14 | 7 | +7 |
| Gearáin nár cuireadh chun feidhme cinntí na gCoimisinéirí um Chearta | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | 14 | 7 | +7 |

**Féadtar téacs gach ceann de na hachomhairc inar eisigh an Chúirt Cinntiúcháin a léamh ar láithreán gréasáin na Cúirte, www.labourcourt.ie. Ina theannta sin, beidh fáil ar achoimre ar Chinntiúcháin ar an láithreán gréasáin chomh maith.**

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE

## *COMHCHOISTÍ OIBREACHAIS*

### *Cad iad na Comhchoistí Oibreachais?*

Sna hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1946-2004, foráiltear córas Comhchoistí Oibreachais (CCOanna), meicníocht atá deartha chun gur féidir íosrátaí pá reachtúla agus coinníollacha fostaíochta reachtúla a leagan síos in earnálacha ar leith.

Féadfaidh an Chúirt Oibreachais Comhchoiste Oibreachais a bhunú le haghaidh aicme nó saghas oibrí tar éis iarratas a fháil ó pháirtí amháin ó líon páirtithe atá sannta sa reachtaíocht ábhartha. Is ionadaithe d'fhostóirí agus oibrithe san earnáil ábhartha sin a bheidh ar an gCoiste faoi chathaoirleach neamhspleách. Foilsíonn an CCO mionsonraí nuair a thagann siad ar chomhaontú i leith téarmaí agus coinníollacha, agus tugtar cuireadh roimh aighneachtaí. Féadfaidh an Coiste moltaí a thabhairt don Chúirt Oibreachais tar éis don aighneacht a bhreithniú, d'fhonn ordú Rialúcháin Fostaíochta a dhéanamh (féach thíos).

Tacaíonn an Chúirt Oibreachais le hobair na CCOanna trí Rúnaíocht, cóiríocht agus saoráidí eile a sholáthar dá gcruinnithe.

Ag deireadh 2011, b'ann do 13 CCO – liostaítear iad seo in Aguisín 3.

### *Orduithe Rialúcháin Fostaíochta (ORFanna)*

Is éard atá in Ordú Rialúcháin Fostaíochta (ORF) ionstraim reachtúil, arna déanamh ag an gCúirt Oibreachais, a leagann síos rátaí pá agus coinníollacha fostaíochta a bhaineann le gráid nó catagóir sainithe oibre in earnáil ar leith. Déanann an Chúirt ORF de bhun moltaí a fhaightear ón CCO san earnáil sin.

Trí ORF a dhéanamh, tá na rátaí pá agus na coinníollacha atá ann infhorfheidhmithe sa dlí: mar sin, is féidir leis an Údarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta (ÚNCF) sárú ar an ORF a fhiosrú agus is féidir leis an Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta an sárú sin a ionchúiseamh.

***Rialáil na hArd-Chúirte ar bhunreachtúlacht ORFanna a dhéanamh***
Thug rialáil na hArd-Chúirte an 7 Iúil 2011 le fios (John Grace Fried Chicken Ltd v Catering JLC & Ors) go raibh meicníocht socraithe pá an ORF neamhbhunreachtúil. Mar thoradh air sin, bhí gach ORF neamh-infheidhme de réir an dlí. Mar fhreagairt air sin, thug an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta faoi leasú an struchtúir CCO agus chun reachtaíocht a thabhairt isteach a chosnóidh stádas oibrithe a bhíodh faoi chuimsiú na ORFanna éagsúla a chuir na CCOanna i dtoll a chéile.

### *Gníomhaíochtaí sa limistéar seo in 2011*

Chas dhá cheann de na Comhchoistí Oibreachais le linn 2011, agus bhí 5 chruinniú ar bun acu ar an iomlán. Mar fhreagairt ar thogra a fuarthas ó CCO, rinne an Chúirt Oibreachais Ordú Rialúcháin

Fostaíochta. Tugtar breis sonraí in Aguisín 4. Tá fáil ar na sonraí faoi rátaí pá a leagtar síos in ORFanna ar láithreán gréasáin na Cúirte Oibreachais ag www.labourcourt.ie agus ón gCúirt.

Sa limistéar gruagaireachta, tá soláthar sna ORFanna ábhartha le haghaidh clárúcháin ag CCO foghlaimeoirí (printísigh) i gceirdeanna san earnáil sin. B'ionann líon na n-iarratas ar chlárú foghlaimeoirí sa cheird seo, ar a ndéanann an Chúirt Oibreachais bainistiú ar a gclárúchán, agus 172 in 2011.

Le linn an dara leath de 2011, mar thoradh ar rialáil na hArd-Chúirte in Iúil, is ar éigean arbh ann do ghníomhaíocht CCO in aon chor.

## *COMHAONTUITHE FOSTAÍOCHTA CLÁRAITHE*

### ***Cad iad Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe?***

Is éard atá i gcomhaontuithe fostaíochta (dá bhforáiltear sna hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1946-2006) comhaontuithe ar phá agus ar choinníollacha fostaíochta a thugann dhá thaobh tionscail nó fiontair i gconclúid. Féadfaidh aon pháirtí leis an gcomhaontú fostaíochta sin iarratas a dhéanamh ar an gCúirt Oibreachais chun an comhaontú a chlárú sa *Chlár Comhaontuithe Fostaíochta*.

Sa chás go bhfuil an Chúirt Oibreachais sásta go sásaíonn comhaontú a chuirtear i láthair na ceanglais ábhartha reachtúla, cláróidh siad an comhaontú. Is é an tionchar a bhíonn aige seo forálacha an chomhaontaithe a dhéanamh infheidhme i dtaobh an dlí de i dtaca le gach oibrí den aicme, den chineál nó den ghrúpa a bhfuil siad sainráite a chur i bhfeidhm, agus i leith a f(h)ostóra, fiú mura bhfuil an t-oibrí nó an fostóir sin ina p(h)áirti leis an gcomhaontú.

Má fhorálann comhaontú fostaíochta cláraithe d'éagsúlú aon chinn dá fhorálacha, féadfaidh aon pháirtí den chomhaontú iarratas a dhéanamh ar an gCúirt Oibreachais chun an comhaontú a éagsúlú, amhail bheith cláraithe. Má mheasann an Chúirt, tar éis dóibh tabhairt faoi na nósanna imeachta riachtanacha, féadfaidh siad Ordú Éagsúlachta a dhéanamh.

### ***Clárúcháin in 2011***

Ag deireadh 2011, b'ann do 74 comhaontú fostaíochta ar an gClár a bhí á gcoimeád ag an gCúirt.

Le linn 2011, d'éagsúlaigh an Chúirt comhaontú fostaíochta amháin. Chláraigh an Chúirt Oibreachais 3 Chomhaontú Fostaíochta le linn na bliana.

Ta fáil ar sonraí faoi na comhaontuithe fostaíochta a leanas ar láithreán gréasáin na Cúirte Oibreachais ag www.labourcourt.ie

- An Tionscal Tógála (Pánna agus Coinníollacha Fostaíochta)
- An Tionscal Tógála (Árachas Pinsean agus Pá Breoiteachta)
- An Tionscal Conraitheoireachta Leictrí

- Éadaitheoireacht, Coisbheart agus Comhcheirdeanna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
- Tionscal na Clódóireachta (Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath)
- Línte Cumhachta Lasnairde.

### *Sáruithe ar Chomhaontuithe Fostaíochta Cláraithe*

Is féidir gearán maidir le sárú ar chomhaontú fostaíochta cláraithe a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais, agus tar éis di scrúdú a dhéanamh ar an ngearán, is féidir leis an gCúirt ordú a dhéanamh go ndéanfar nithe ar leith chun cloí leis an gComhaontú. Féadfaidh an tAire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta ionchúiseamh a dhéanamh nuair nach gcloítear le hOrdú den sórt sin.

In 2011, rinneadh 299 gearán i leith sáruithe ar chomhaontuithe fostaíochta cláraithe leis an gCúirt Oibreachais (féach Aguisín 1).

## *COMHCHOMHAIRLÍ TIONSCLAÍOCHA*

### *Cad iad Comhchomhairlí Tionsclaíocha (CCTanna)?*

Is éard atá i *"gComhchomhairle Tionsclaíoch"* comhlacht idirghabhála deonach do thionscail nó do chuid de thionscail atá ina n-ionadaí d'fhostóirí agus d'oibrithe. Má chomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar amach sa reachtaíocht caidrimh thionscail féadfaidh sé iarratas ar chlárú a chur isteach chuig an gCúirt. Má bhíonn an Chúirt sásta leis an iarratas, cuirfidh siad an comhlacht ar Chlár na gComhchomhairlí Tionsclaíocha.

Éascaíonn an Chúirt Oibreachais na Comhairlí trí oifigeach den Chúirt a chur ar fáil chun gníomhú mar rúnaí ag a gcruinnithe.

Ag deireadh 2011, b'ann do 5 Chomhchomhairle Thionsclaíocha ar an gClár agus, amhail a cheanglaítear faoi Alt 23(3) den Acht Caidrimh Thionscail, 1946, áirítear sonraí fúthu seo in Aguisín 5.

### *Gníomhaíochtaí na CCTanna Cláraithe in 2011*

Thionóil an Chomhchomhairle don Tionscal Tógála 3 chruinniú in 2011. Níor thionóil aon chinn de na comhlachtaí ar Chlár na gComhchomhairlí Tionsclaíocha le linn 2011.

#### *CCTanna 'neamhchláraithe'*

Amach ó na trí chomhlacht ar Chlár na gComhchomhairlí Tionsclaíocha, is ann do líon comhlachtaí eile a thugann faoi ghníomhaíochtaí comhchosúla ach nach ndearna iarratas ar chlárú. Ina theannta sin, cuireann an Chúirt Oibreachais oifigeach den Chúirt ar fáil chun gníomhú mar rúnaí ag cruinnithe na gcomhlachtaí sin, agus d'fhreastail oifigigh na Cúirte ar na Comhchomhairlí 'neamhchláraithe' Tionsclaíocha a leanas in 2011:

**An Tionscal Conraitheoireachta Leictrí** (4 chruinniú)
**Fostaithe Tionsclaíocha Stáit** (6 chruinniú)

# PRÓISEAS LEASAITHE CAIDRIMH IONAD OIBRE

Chuir an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta tús le clár leasaithe chearta fostaíochta agus nósanna imeachta caidrimh thionscail an Stáit le linn an dara leath de 2011. Is é an cuspóir ná chun seirbhís caidreamh ionad oibre agus creatlach chearta fostaíochta den chéad scoth a bhunú trí na struchtúir, nósanna imeachta agus meicníochtaí reatha a chuíchóiriú, agus trí struchtúr níos simplí a bhunú agus ag cur le gnéithe láidre na gcóras reatha i gcomhthráth.

Is é cuspóir foriomlán an leasaithe réiteach luath díospóidí a spreagadh, cosaint cearta gearánaithe/fostaithe agus íoslaghdú na gcostas lena mbaineann do gach páirtí i dtéarmaí airgid, ama agus táirgeachta san ionad oibre. Is iad na comhlachtaí caidrimh ionad oibre a áirítear sa chlár leasaithe an tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta (ÚNCF), an Binse Achomhairc Fostaíochta (BAF), an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais (lena n-áirítear Seirbhís an Choimisinéara um Chearta), an Binse Comhionannais agus an Chúirt Oibreachais.

I rith 2011, ghlac an Chúirt Oibreachais páirt ghníomhach sna gníomhaíochtaí a dheartar leis na spriocanna uaillmhianacha a bhaint amach a leagtar amach sa chlár leasaithe. Cuireadh obair chun cinn ar fhorbairt Láithreán Gréasáin nua singil do na cúig chomhlacht, Foirm Ghearáin Shingil agus Pointe Singil Teagmhála. Meastar go leanfaidh an obair seo ar aghaidh agus le dlús méadaithe in 2012 agus tá an Chúirt Oibreachais tiomanta do rannpháirtíocht iomlán maidir le cuspóirí an tionscadail leasaithe a bhaint amach.

# TARCHUR DÍOSPÓIDE: TREOCHT CHÚIG BLIANA 2007-2012

## *TARCHUR DÍOSPÓIDÍ FOSTAÍOCHTA*

***An Chúirt Oibreachais***

| **Bliain** | **Líon na dTarchur** |
|---|---|
| **2011** | **1,254** |
| **2010** | **1,452** |
| **2009** | **1,433** |
| **2008** | **1,179** |
| **2007** | **924** |
| | |
| **Meán 5 bliana** | **1,248** |

***Gach Institiúid Stáit***

| **Bliain** | **An Chúirt Oibreachais** | **An Coimisiún Caidrimh Oibreachais** | **Na Coimisinéirí um Chearta** | **An Binse Achomhairc Fostaíochta** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| **2011** | 1,254 | 1,156 | 9,206 | 8,458 | 20,074 |
| **2010** | 1,452 | 1,193 | 15,671 | 8,778 | 27,094 |
| **2009** | 1,433 | 1,571 | 14,569 | 9,458 | 27,031 |
| **2008** | 1,179 | 1,317 | 10,900 | 5,457 | 18,853 |
| **2007** | 924 | 1,283 | 9,077 | 3,173 | 14,457 |

Foinse: na gníomhaireachtaí ábahrtha[1]

**Tarchur chuig an tSeirbhísí Idir-Réitigh amháin**

# AN TIMPEALLACHT CHAIDRIMH THIONSCAIL SA BHLIAIN 2011

*Ba é 3,695 líon na laethanta a cailleadh de bharr díospóidí tionsclaíocha in 2011, ar laghdú 56% seo ar an bhfigiúr comhfhreagrach le haghaidh 2010.*

*Bhí 8 ndíospóid thionsclaíocha an in 2011, ag a raibh tionchar ar 1,384 oibrí agus 8 ngnóthas.*

## Díospóidí tionsclaíocha: Le cúig bliana anuas

| Catagóir | 2011 | 2010 | 2009 | 2008 | 2007 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| **Líon na nDíospóidí** | 8 | 14 | 23 | 12 | 6 |
| **Líon na nGnóthas** | 8 | 14 | 168 | 10 | 6 |
| **Líon na nOibrithe** | 1,384 | 511 | 278,228 | 356 | 1,436 |
| **Líon na Laethanta a Cailleadh** | 3,695 | 6,602 | 329,706 | 4,179 | 6,038 |

Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh

## AN CHÚIRT OIBREACHAIS
**THE LABOUR COURT**

# AGUISÍNÍ THUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2011

## AGUISÍN 1 LÍON NA DTARCHUR A FUARTHAS SA BHLIAIN 2011

| Alt/Acht/Iarratas | 2011 | 2010 | Difríocht |
|---|---|---|---|
| **Caidreamh Tionscail** | | | |
| Alt 32, an tAcht Caidrimh Tionscail, 1946 (Gearán ag ceardchumann maidir le sárú CFC) | 163 | 199 | -36 |
| Alt 33(1), an tAcht Caidrimh Tionscail, 1946 (Léirmhíniú CFC) | 22 | 107 | -85 |
| Alt 33(3), an tAcht Caidrimh Tionscail, 1946 (Léirmhíniú CFC – tarchur ar Cúirt Dlí) | 0 | 0 | 0 |
| Alt 43(1), an tAcht Caidrimh Tionscail, 1990 (Léirmhíniú ar chód cleachtais) | 0 | 0 | 0 |
| Alt 57(1), an tAcht Caidrimh Tionscail, 1946 (Scóip CCO nó ORF) | 2 | 6 | -4 |
| Alt 10, an tAcht Caidrimh Tionscail, 1969 (Gearán maidir le sárú ar CFC) | 136 | 129 | +7 |
| Alt 13(9), an tAcht Caidrimh Tionscail, 1969 (Achomharc i gcoinne Molta ag an gCoimisinéir um Chearta) | 146 | 184 | -38 |
| Alt 20(1), an tAcht Caidrimh Tionscail, 1969 (Cásanna a tharchuir an Ceardchumann nó na hoibrithe – glacadh roimh ré leis an Moladh) | 133 | 121 | +12 |
| Alt 20(2), an tAcht Caidrimh Tionscail, 1969 (Cásanna a tarchuireadh go díreach ag na páirtithe – glacadh roimh ré leis an Moladh) | 6 | 9 | -3 |
| Alt 26(1), an tAcht Caidrimh Tionscail, 1990, (Cásanna a tharchuir an CCT go díreach chuig an gCúirt) | 193 | 229 | -36 |
| Alt 26(3), an tAcht Caidrimh Tionscail, 1990, (Cásanna a tharchuir an CCT go díreach chuig an gCúirt gan idir-réiteach) | 0 | 0 | 0 |
| Alt 26(5), an tAcht Caidrimh Tionscail, 1990, (Cásanna a tarchuireadh chuig an gCúirt faoi chúinsí eisceachtúla) | 0 | 1 | -1 |
| Alt 2(1), an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2001 arna leasú ag an Acht Caidrimh Tionscail (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004 (Cásanna gan nósanna imeachta idirghabhála i bhfeidhm) | 4 | 7 | -3 |
| Alt 6(1), an tAcht Caidrimh Tionscail (Leasú), 2001 (Iarratas ar Chinneadh maidir le Moladh éigin) | 0 | 0 | 0 |
| Alt 10(1), an tAcht Caidrimh Tionscail (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004 (Achomharc i gcoinne Chinnidh ag an gCoimisinéir um Chearta - athíospairt) | 0 | 0 | 0 |
| Alt 28(1) agus Alt 29(2), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946 (Tuairisc maidir le hathrú agus cealú CFC éisteachta) | 0 | 0 | 0 |
| Alt 7, an tAcht Caidrimh Tionscail, 1969 (Léirmhíniú ar chomhaontú maidir le pá agus coinníollacha) | 0 | 1 | -1 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Chaidreamh Tionscail*** | **805** | **993** | **-188** |
| **Comhionannas** | | | |
| Alt 77(12), an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (Achomharc i leith chinneadh ó Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais - teorainn ama) | 2 | 8 | -6 |
| Alt 83, an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (Achomharc i leith cinnidh ó Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais) | 58 | 79 | -21 |
| Alt 77A(2)(a), na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2008 (Achomharc i leith cinnidh ó Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais) | 6 | 1 | +5 |
| Alt 81(4), an tAcht Pinsean, 1990 (Cás arna tharchur chuig an gCúirt lasmuigh den teorainn ama) | 1 | 0 | +1 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna Comhionannais*** | **67** | **88** | **-21** |
| **Eagrú Ama Oibre** | | | |
| Alt 28(1), an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 (Achomharc i gcoinne chinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 119 | 139 | -20 |
| Alt 28(8), an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 (Gearán nár cuireadh i bhfeidhm cinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 130 | 140 | -10 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Eagrú Ama Oibre*** | **249** | **279** | **-30** |

LÍON NA DTARCHUR A FUARTHAS SA BHLIAIN 2011 AGUISÍN 1 – ar leanúint

| Alt/Acht/Iarratas | 2011 | 2010 | Difríocht |
|---|---|---|---|
| **Pá Íosta Náisiúnta** | | | |
| Alt 27(1), an tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (Achomharc i gcoinne cinnidh ag an gCoimisinéir um Chearta) | 13 | 16 | -3 |
| Alt 31(1), an tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (Gearán nár cuireadh i bhfeidhm cinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 11 | 5 | +6 |
| ***Iomlán na gCásanna um Pá Íosta Náisiúnta*** | **24** | **21** | **+3** |
| **Cosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha)** | | | |
| Alt 17(1), an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001 (Achomharc i gcoinne cinnidh ag an gCoimisinéir um Chearta) | 13 | 10 | +3 |
| Alt 17(8), an tAcht um Chosaint Fostaithe, 2001 (Obair Pháirtaimseartha), 2001 (Gearán nár cuireadh i bhfeidhm cinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 0 | 0 | 0 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Obair Pháirtaimseartha*** | **13** | **10** | **+3** |
| **Cásanna um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe)** | | | |
| Alt 15(1), an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe), 2003 (Achomharc i gcoinne cinnidh ag an gCoimisinéir um Chearta) | 51 | 42 | +9 |
| Alt 15(8), an tAcht um Chosaint Fostaithe, 2003 (Obair Théarma Shocraithe), 2001 (Gearán nár cuireadh i bhfeidhm cinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 17 | 3 | +14 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Obair Théarma Shocraithe*** | **68** | **45** | **+23** |
| **Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair** | | | |
| Alt 29(1), an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 (Achomharc i gcoinne chinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 25 | 16 | +9 |
| Alt 29(8), an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 (Gearán ó fhostaí nár cuireadh i bhfeidhm cinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 0 | 0 | 0 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair*** | **25** | **16** | **+9** |
| **Faisnéis agus Comhairliúchán Fostaithe** | | | |
| Alt 15(1), Acht na bhFostaithe (Soláthar Eolais agus Comhairliúcháin), 2006 (Cásanna a tarchuireadh go díreach chuig an gCúirt) | 1 | 0 | +1 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Fhaisnéis agus Comhairliúchán*** | **1** | **0** | **+1** |
| **Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla** | | | |
| Alt 7(1)(a), an tAcht um Chaomhnú Fostaíochta (Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla agus Nithe Gaolmhara), 2007 (Iarratas ón Aire le haghaidh tuairime maidir le Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla) | 0 | 0 | 0 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Chomhiomarcaíochtaí Eisceachtúla*** | **0** | **0** | **0** |
| **Sláinte** | | | |
| Alt 55M(11), an tAcht Sláinte, 2004 (Achomharc i gcoinne chinneadh an Choimisinéara um Chearta faoin Acht seo) | 2 | 0 | +2 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna Sláinte*** | **2** | **0** | **+2** |
| **LÍON IOMLÁN NA DTARCHUR A FUARTHAS** | **1,254** | **1452** | **-198** |

# AGUISÍN 2 CÁSANNA A TUGADH CHUN CRÍCHE SA BHLIAIN 2011

| Alt/Acht/Iarratas | 2011 | 2010 | Difríocht |
|---|---|---|---|
| **Caidreamh Tionscail** | | | |
| Alt 32, an tAcht Caidrimh Tionscail, 1946 (Gearán ag ceardchumann maidir le sárú CFC) | 164 | 240 | -76 |
| Alt 33(1), an tAcht Caidrimh Tionscail, 1946 (Léirmhíniú CFC) | 27 | 25 | +2 |
| Alt 33(3), an tAcht Caidrimh Tionscail, 1946 (Léirmhíniú CFC – tarchur ar Cúirt Dlí) | 0 | 0 | 0 |
| Alt 10, an tAcht Caidrimh Tionscail, 1969 (Gearán maidir le sárú ar CFC) | 103 | 83 | +20 |
| Alt 13(9), an tAcht Caidrimh Tionscail, 1969 (Achomharc i gcoinne Molta ag an gCoimisinéir um Chearta) | 108 | 116 | -8 |
| Alt 20(1), an tAcht Caidrimh Tionscail, 1969 (Cásanna a tharchuir an Ceardchumann nó na hoibrithe – glacadh roimh ré leis an Moladh) | 80 | 94 | -14 |
| Alt 20(2), an tAcht Caidrimh Tionscail, 1969 (Cásanna a tarchuireadh go díreach ag na páirtithe – glacadh roimh ré leis an Moladh) | 7 | 11 | -4 |
| Alt 26(1), an tAcht Caidrimh Tionscail, 1990, (Cásanna a tharchuir an CCT go díreach chuig an gCúirt) | 196 | 188 | +8 |
| Alt 26(3), an tAcht Caidrimh Tionscail, 1990, (Cásanna a tharchuir an CCT go díreach chuig an gCúirt gan idir-réiteach) | 0 | 0 | 0 |
| Alt 26(5), an tAcht Caidrimh Tionscail, 1990, (Cásanna a tarchuireadh chuig an gCúirt faoi chúinsí eisceachtúla) | 0 | 1 | -1 |
| Alt 43(1), an tAcht Caidrimh Tionscail, 1990 (Léirmhíniú ar chód cleachtais) | 0 | 1 | -1 |
| Alt 43(2), an tAcht Caidrimh Tionscail, 1990 (Gearán faoi shárú ar chód cleachtais) | 0 | 0 | 0 |
| Alt 2(1), an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2001 arna leasú ag an Acht Caidrimh Tionscail (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004 (Cásanna gan nósanna imeachta idirghabhála i bhfeidhm) | 3 | 2 | +1 |
| Alt 6(1), an tAcht Caidrimh Tionscail (Leasú), 2001 (Iarratas ar Chinneadh maidir le Moladh éigin) | 0 | 0 | 0 |
| Alt 10(1), an tAcht Caidrimh Tionscail (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004 (Achomharc i gcoinne Chinnidh ag an gCoimisinéir um Chearta - athíospairt) | 0 | 0 | 0 |
| Alt 28(1) agus Alt 29(2), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946 (Tuairisc maidir le hathrú agus cealú CFC éisteachta) | 0 | 0 | 0 |
| Alt 57(1), an tAcht Caidrimh Tionscail, 1946 (Scóip CCO nó ORF) | 0 | 7 | -7 |
| Alt 7, an tAcht Caidrimh Tionscail, 1969 (Léirmhíniú ar chomhaontú maidir le pá agus coinníollacha) | 0 | 1 | -1 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Chaidreamh Tionscail*** | **688** | **769** | ***-81*** |
| **Comhionannas** | | | |
| Alt 24, an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1977 (Gearán nár cuireadh Cinntiúchán na Cúirte i bhfeidhm) | 0 | 0 | 0 |
| Alt 77(2), an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (Cásanna maidir le dífhostú ag éirí as idirdhealú nó íospairt) | 0 | 0 | 0 |
| Alt 77(12), an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (Achomharc i leith chinneadh ó Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais - teorainn ama) | 2 | 5 | -3 |
| Alt 83, an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (Achomharc i leith cinnidh ó Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais) | 49 | 35 | +14 |
| Alt 77A(2)(a), na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2008 | 1 | 1 | 0 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna Comhionannais*** | ***52*** | ***41*** | ***+11*** |

AGUISÍN 2 – ar leanúint CÁSANNA A TUGADH CHUN CRÍCHE IN 2011 – ar leanúint

| Alt/Acht/Iarratas | **2011** | **2010** | **Difríocht** |
|---|---|---|---|
| **Eagrú Ama Oibre** | | | |
| Alt 28(1), an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 (Achomharc i gcoinne chinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 76 | 91 | -15 |
| Alt 28(8), an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 (Gearán nár cuireadh i bhfeidhm cinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 131 | 134 | -3 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Eagrú Ama Oibre*** | ***207*** | ***225*** | ***-18*** |
| **Pá Íosta Náisiúnta** | | | |
| Alt 27(1), an tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (Achomharc i gcoinne cinnidh ag an gCoimisinéir um Chearta) | 8 | 12 | -4 |
| Alt 31(1), an tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (Gearán nár cuireadh i bhfeidhm cinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 12 | 4 | +8 |
| ***Iomlán na gCásanna um Pá Íosta Náisiúnta*** | ***20*** | ***16*** | ***+4*** |
| **Cosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha)** | | | |
| Alt 17(1), an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001 (Achomharc i gcoinne cinnidh ag an gCoimisinéir um Chearta) | 5 | 4 | +1 |
| Alt 17(8), an tAcht um Chosaint Fostaithe, 2001 (Obair Pháirtaimseartha), 2001 (Gearán nár cuireadh i bhfeidhm cinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 0 | 0 | 0 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Obair Pháirtaimseartha*** | ***5*** | ***4*** | ***+1*** |
| **Cásanna um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe)** | | | |
| Alt 15(1), an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe), 2003 (Achomharc i gcoinne cinnidh ag an gCoimisinéir um Chearta) | 17 | 19 | ***-2*** |
| Alt 15(8), an tAcht um Chosaint Fostaithe, 2003 (Obair Théarma Shocraithe), 2001 (Gearán nár cuireadh i bhfeidhm cinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 14 | 2 | ***+12*** |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Obair Théarma Shocraithe*** | ***31*** | ***21*** | ***+10*** |
| **Sábháilteacht, Sláinte agus Leas Fostaithe** | | | |
| Alt 29(1), an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 (Achomharc i gcoinne chinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 14 | 7 | ***+7*** |
| Alt 29(8), an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 (Gearán ó fhostaí nár cuireadh i bhfeidhm cinneadh an Choimisinéara um Chearta) | 0 | 0 | ***0*** |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas*** | ***14*** | ***7*** | ***+7*** |
| **Faisnéis agus Comhairliúchán Fostaithe** | | | |
| Alt 15(1), Acht na bhFostaithe (Soláthar Eolais agus Comhairliúcháin), 2006 (Cásanna arna dtarchur chuig an gCúirt ag an CCO) | ***1*** | ***1*** | ***0*** |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Fhaisnéis agus Comhairliúchán*** | ***1*** | ***1*** | ***0*** |
| **Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla** | | | |
| Alt 7(1)(a), an tAcht um Chaomhnú Fostaíochta (Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla agus Nithe Gaolmhara), 2007 (Iarratas ón Aire le haghaidh tuairime maidir le Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla) | 0 | 0 | |
| ***Líon Iomlán na gCásanna um Chomhiomarcaíochtaí Eisceachtúla*** | **0** | **0** | |
| **Sláinte** | | | |
| Alt 55M(11), an tAcht Sláinte, 2004 (Achomharc i gcoinne chinneadh an Choimisinéara um Chearta faoin Acht seo) | 1 | 2 | -1 |
| ***Líon Iomlán na gCásanna Sláinte*** | **1** | **2** | **-1** |
| ***IOMLÁN*** | **1,019** | **1,086** | **-67** |

## AGUISÍN 3

***COMHCHOISTÍ OIBREACHAIS AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2011***

1. Comhchoiste Oibreachais d'Uiscí Aeraithe agus Buidéalú Mórdhíola
2. Comhchoiste Oibreachais na nOibrithe Talmhaíochta
3. Comhchoiste Oibreachais na nOibrithe Talmhaíochta
4. An Comhchoiste Oibreachais Lónadóireachta (Contaebhuirg Bhaile Átha Cliath agus Buirg Dhún Laoghaire)
5. Comhchoiste Oibreachais na hEarnála Éadaí
6. Comhchoiste Oibreachais na Glantóireachta ar Conradh
7. Comhchoiste Oibreachais na Gruagaireachta
8. Comhchoiste Oibreachais na nÓstán
9. Comhchoiste Oibreachais na nÓstán (do na ceantair ar a bhfuiltear feasach go dtí an 1 Eanáir 1994 mar Chontaebhuirg Bhaile Átha Cliath agus Buirg Dhún Laoghaire)
10. Comhchoiste Oibreachais na gCléireach Dhlíthiúil
11. Comhchoiste Oibreachais na Muilleoireachta Prónta ir
12. Comhchoiste Oibreachais na Miondíoltóirí Earraí Grósaeireachta agus Comhearraí
13. Comhchoiste Oibreachais Thionscal na Slándála

AGUISÍN 4

## *ORDUITHE RIALÚCHÁIN FOSTAÍOCHTA A RINNEADH SA BHLIAIN 2011*

Rinneadh an tOrdú Rialúcháin Fostaíochta seo a leanas in 2011, lenar leagadh amach íosrátaí pá agus coinníollacha rialúcháin fostaíochta in earnálacha atá bainteach leis. Rinne an Chúirt Oibreachais an tOrdú tar éis tograí a fháil ón gComhchoiste Oibreachais a luaitear.

| **Comhchoiste Oibreachais** | **Uimhir Ionstraime Reachtúla an ORF** |
| --- | --- |
| | I.R. Uimh. 213 de 2011 |
| Comhchoiste Oibreachais na Miondíoltóirí Earraí Grósaeireachta agus Comhearraí CCO | |

## AGUISÍN 5

### *COMHCHOMHAIRLÍ TIONSCLAÍOCHA CLÁRAITHE*

Tugtar na sonraí seo a leanas de chomhlachais ar Chlár na gComhchomhairlí Tionsclaíocha le linn na tréimhse a chlúdaítear leis an tuarascáil seo; tugtar iad de réir cheangaltais Alt 23(3) den Acht Caidrimh Thionscail, 1946.

1. Comhbhord Eadrána agus Idir-Réitigh do Thionscal Buataisí agus Bróg na hÉireann
   *Dáta Clárúcháin:* An 10 Iúil 1948
   *Rúnaí:* An tUasal M O'Donoghue
   An Chúirt Oibreachais
2. Comhchomhairle Thionsclaíoch do Thrádáil Mórdhíola na dTorthaí agus na nGlasraí i mBaile Átha Cliath
   *Dáta Clárúcháin:* An 27 Eanáir 1964
   *Rúnaí:* An tUasal M O'Donoghue
   An Chúirt Oibreachais
3. Comhchomhairle Thionsclaíoch don Tionscal Trádála
   *Dáta Clárúcháin:* An 26 Iúil 1965
   *Rúnaí:* An tUasal M O'Donoghue
   An Chúirt Oibreachais
4. Comhchomhairle Thionsclaíoch don Tionscal Slándála
   *Dáta Clárúcháin:* An 12 Nollaig 2011
   *Rúnaí:* An tUasal M O'Donoghue
   An Chúirt Oibreachais
5. Comhchomhairle Thionsclaíoch don Tionscal Glantóireachta ar Conradh
   *Dáta Clárúcháin:* An 19 Nollaig 2011
   *Rúnaí:* An tUasal M O'Donoghue
   An Chúirt Oibreachais

# AGUISÍN 6

## *FEIDHMEANNA NA CÚIRTE OIBREACHAIS*

### *Réamhrá Ginearálta*

Bunaíodh an Chúirt Oibreachais faoin Acht Caidrimh Thionscail, 1946. Is iad feidhmeanna na Cúirte cabhair a sholáthar chun saincheisteanna caidrimh thionscail a réiteach. Ó bunaíodh an Chúirt 65 bliain ó shin, tá a bhfeidhm tar éis teacht chun cinn agus leathnú, go mór mhór trína bhfeidhm bhreithiúnais nua le blianta beaga anuas maidir le réimse leathan cearta fostaíochta mar a leagtar síos sna reachtanna éagsúla.

Ag an tráth seo, is féidir feidhm na Cúirte a roinnt go forleathan idir a gcuid oibre ***um chaidreamh tionscail*** (na saincheisteanna siúd a thagann os comhair na Cúirte faoi fhorálacha na nAchtanna Caidrimh Thionscail), agus a gcuid oibre ***um chearta fostaíochta*** (na cásanna a tharchuirtear chuig an gCúirt faoi Achtanna na gceart fostaíochta).

### *Caidreamh Tionscail*

Déantar foráil sna hAchtanna Caidrimh Thionscail do shaothar na Cúirte Oibreachais san earnáil caidrimh thionscail 1946-2004. Tá feidhmeanna éagsúla ag an gCúirt, agus is iad seo a leanas a bpríomhfheidhmeanna:

- *<u>Fiosrúchán ar dhíospóidí caidrimh thionscail</u>*

Is ó iarrachtaí ar Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais (trí chruinnithe idir-réiteacha idir na páirtithe difriúla) teacht ar réiteach comhaontaithe a thagann mórchuid de na díospóidí a thagann os comhair na Cúirte chun fiosrúchán a dhéanamh orthu. Nuair a tharchuirtear díospóid chuig an gCúirt, beidh Éisteacht aici, agus eiseoidh siad 'Moladh' ina dhiaidh sin, ina leagtar amach tuairimí na Cúirte maidir le réiteach réasúnta ar an tsaincheist nó ar na saincheisteanna faoi dhíospóid. Níl an moladh ina cheangal ar na páirtithe ach bheadh orthu aird a thabhairt ar thuairimí na Cúirte.

In ionad próisis idir-réitigh leis an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais, is féidir le ceachtar den dá pháirtí díospóidí a tharchur go díreach chuig an gCúirt nuair a aontaíonn siad roimh ré go nglacfaidh siad le Moladh na Cúirte.

- *<u>Achomhairc i gcoinne moltaí ó Choimisinéirí um Chearta</u>*

  Féadtar díospóid chaidrimh thionscail a bhaineann le hoibrí amháin a tharchur ar dtús chuig Coimisinéir um Chearta chun Moladh a fháil. Féadfaidh ceachtar páirtí achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais maidir le Moladh an Choimisinéara um Chearta, agus tar éis éisteacht leis na páirtithe, eiseoidh an Chúirt *'Cinneadh'* a bheidh de cheangal ar na páirtithe.

- *Clárú Comhaontuithe Fostaíochta*

Tugtar cur síos ar shaothar na Cúirte sa limistéar seo níos luaithe sa Tuarascáil Bhliantúil. De ghnáth, beidh ar an gCúirt comhaontú pá agus coinníollacha a chlárú a tugadh chun críche ag an dá 'thaobh' in earnáil nó i bhfiontar ar leith agus beidh éifeacht ag amhail clárú go mbeidh sé forfheidhmithe go dlíthiúil. Is féidir gearán maidir le sárú ar Chomhaontú Fostaíochta Cláraithe a dhéanamh chuig an gCúirt, a dhéanann imscrúdú ar an ngearán, agus a bhíonn in an Ordú a dhéanamh a threoraíonn gur chóir nithe sonracha a dhéanamh ionas go gcloítear leis an gComhaontú.

- *Comhchoistí Oibreachais/Orduithe Rialaithe Fostaíochta*

Tugtar cur síos ar an réimse seo gníomhaíochtaí den Chúirt Oibreachais in áit eile sa Tuarascáil. Go hachomair, féadfaidh an Chúirt, ar iarraidh orthu, Comhchoiste Oibreachais a bhunú i leith earnáil áirithe. Is ionadaithe d'fhostóirí agus oibrithe san earnáil sin a bheidh ar an gCoiste faoi chathaoirleach neamhspleách. Tionólfaidh an Coiste chun rátaí pá agus coinníollacha a phlé a chuirfear chun feidhme san earnáil agus féadfaidh siad tograí a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais chun na rátaí agus coinníollacha comhaontaithe a ionchorprú in ionstraim atá infhorfheidhmithe sa dlí dá ngairtear 'Ordú Rialaithe Fostaíochta'. Tagair don nóta ar leathanach 25 maidir le tionchar rialáil na hArd-Chúirte in Iúil 2011 ar in-fhorfheidhmitheacht ORFanna.

- *Cóid Chleachtais*

Déanann an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990, foráil do 'chóid chleachtais' maidir le caidreamh tionscail a bheith ullmhaithe ag an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais. Nuair a bhíonn cód den sórt sin i bhfeidhm, is féidir iarratas a dhéanamh freisin chuig an gCúirt maidir le sárú ar an gcód. Ina theannta sin, féadtar gearán a dhéanamh faoi shárú cóid a dhéanamh leis an gCúirt.

***Cearta Fostaíochta***

Is éard a bhaineann leis an bpríomhobair don Chúirt i limistéar na gcearta fostaíochta gníomhú mar chomhlacht achomhairc maidir le cinntí comhlachtaí Cearta Fostaíochta eile a fheidhmíonn chun éilimh nó gearáin a imscrúdú a rinneadh faoin reachtaíocht ábhartha.

- *Comhionannas Fostaíochta*

Nuair a bhíonn éileamh idirdhealú fostaíochta curtha isteach chuig Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2007, agus nuair a bhíonn cinneadh eisithe ag an Stiúrthóir maidir leis an éileamh, is féidir le ceachtar páirtithe achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh chuig an gCúirt Oibreachais. Reáchtálfaidh an Chúirt Éisteacht maidir leis an achomharc agus eiseoidh siad *'Cinntiúchán'*.

- *Cearta Fostaíochta Eile*

  Le blianta beaga anuas, tá réimse leathan de chearta fostaíochta in Achtanna éagsúla de chuid an Oireachtais leagtha amach. Nuair a dhéantar gearán leis an gCoimisinéir um Chearta a chuireann i leith gur sáraíodh ceann de na reachtanna um chearta fostaíochta thíos, is féidir achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais i gcoinne chinneadh an Choimisinéara um Chearta, eisíonn an Chúirt ansin cinntiúchán tar éis éisteachta leis na páirtithe.

Freisin, nuair a theipeann ar fhostóir cloí le Cinneadh an Choimisinéara um Chearta i gcás ar bith agus mura bhfuil achomharc déanta i gcoinne an Chinnidh sin chuig an gCúirt Oibreachais,

féadfaidh an t-oibrí, tar éis tréimhse ama sonraithe, gearán a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais agus eiseoidh an Chúirt 'Cinntiúchán' in-fhorfheidhmithe.

Go príomha, eascraíonn na feidhmeanna seo den Chúirt Oibreachais faoi na hAchtanna a leanas:

- An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997
- An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000
- An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001
- An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe), 2003
- An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

AGUISÍN 7

## STRUCHTÚR AGUS RIARACHÁN NA CÚIRTE OIBREACHAIS

Tá an Chúirt Oibreachais comhdhéanta de naonúr comhaltaí – Cathaoirleach, beirt Leas-Chathaoirleach agus seisear GnáthChomhaltaí (triúr a dhéanann ionadaíocht d'oibrithe agus triúr eile do na fostóirí). Tá comhairleoir dlí sa Chúirt Oibreachais ar a dtugtar Cláraitheoir.

| Cathaoirleach | |
|---|---|
| Leas-Chathaoirleach | Leas-Chathaoirleach |
| Comhaltaí Fostóra (3) | Comhaltaí Fostóra (3) |

***ÉISTEACHTAÍ NA CÚIRTE***

Is é Rannán de chuid na Cúirte a bhíonn i bhfeighil gach éisteachta den Chúirt, ar a bhfuil Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach na Cúirte, Comhalta Oibrí agus Comhalta Fostóra.

| Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach | |
|---|---|
| Comhalta Fostóra | Comhalta Fostóra |

Ina theannta sin, freastalaíonn Rúnaí na Cúirte ar gach aon éisteacht.

***RIARACHÁN NA CÚIRTE OIBREACHAIS***

| Bainisteoir Riaracháin | | | |
|---|---|---|---|
| An tAonad Ríomhchláraithe agus TF | An Rúnaíocht agus Seirbhísí | Comhchoistí Oibreachais | Airgeadas/Riarachán |

## *AGUISÍN 8*

***TUILLEADH FAISNÉISE***

Tá fáil ar thuilleadh faisnéise faoi rud ar bith a chuimsítear sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar fáil ó:

An Chúirt Oibreachais
Teach Tom Johnson
Bóthar Haddington
Baile Átha Cliath 4

Guthán: (01) 613 6666
Uimhir íosghlao [má táthar ag glao lasmuigh de limistéar (01)]: 1890 22 02 28
Facs: (01) 613 6667

Ríomhphost: info@labourcourt.ie
Láithreán gréasáin: www.labourcourt.ie

| **Fiosrúchán** | **Rannán Ábhartha den Chúirt Oibreachais** | **Teagmháil** |
|---|---|---|
| Maidir le cás ar leith, roimh an éisteacht | An Rannán Ríomhchlárúcháin | (01) 6136608, 6136611, 6136650, 6136610 |
| Maidir le cás ar leith, i ndiaidh na héisteachta | Rúnaí Ábhartha na Cúirte | Amhail a thugtar le fios ag an éisteacht |
| • Comhchoistí Oibreachais<br>• Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe<br>• Orduithe Rialúcháin Fostaíochta<br>• Pá Íosta Náisiúnta<br>• Clárúcháin do phrintíseachtaí gruagaireachta | An mhír: Comhchoistí Oibreachais/Comhchomhairlí Tionsclaíocha | (01) 6136638, 6136639, 6136640, 6136641, 6136642 Ríomhphost: jlc@labourcourt.ie |
| Faisnéis ghinearálta maidir le caidreamh tionsclaíoch, comhionannas, eagrú ama oibre, obair pháirtaimseartha, obair théarma shocraithe; agus fiosruithe maidir leis an láithreán gréasáin | Seirbhísí do Chustaiméirí Caidrimh Thionscail | 1890 80 80 90 |